



FRONTE

Oibleagáidí maidir le cearta bunúsacha a chomhlíonadh

Achoimre ar an gcinneadh ar an bhfiosrúchán ar a thionscnamh féin, OI/5/2012/BEH-MHZ, maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ar Theorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Frontex)

In 2011, tháinig feidhm le Rialachán 1168/2011/AE a éilíonn ar Frontex sásraí agus ionstraimí riaracháin áirithe a chur i ngníomh chun a chuid oibleagáidí maidir le hurramú cearta bunúsacha a chur chun cinn agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcomhlíonadh. Ag an am céanna, bhí an tsochaí shibhialta ag cur in iúl imní de shíor faoi na himpleachtaí a bhí ag gníomhaíochtaí Frontex maidir le cearta daonna. Sna cúinsí seo, chinn an tOmbudsman fiosrúchán ar a thionscnamh féin a dhéanamh d'fhonn a scrúdú conas a chuireann Frontex forálacha Rialacháin 2011 i ngníomh. D'iarr sé ar Frontex soiléiriú a thabhairt maidir leis an Straitéis um Chearta Bunúsacha, Cóid Iompair, an Oifigeach Cearta Bunúsacha, Foirne Eorpacha Gardaí Teorainn, Oifigeach Comhordaithe agus maidir le deireadh a chur le comhoibríochtaí agus treoirthionscadail.

Chuir an tOmbudsman freagra Frontex faoi bhráid na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha chun go dtabharfadh sí a cuid tuairimí air. Ina theannta sin, rinne sé comhairliúchán poiblí a raibh eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, Ombudsman náisiúnta agus daoine príobháideacha rannpháirteach ann.

Agus anailís déanta aige ar na haighneachtaí go léir agus ar thuairim Frontex, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh mionsonraithe maidir le feabhas a d'fhéadfadh Frontex a chur ar an sásra atá aige chun monatóireacht a dhéanamh ar urraim do chearta bunúsacha ina chuid gníomhaíochtaí go léir agus conas a d'fhéadfadh sé cur lena éifeachtacht.



Cé gur thug Frontex freagra dearfach ar mholtaí an Ombudsman i dtaobh (a) an Straitéis um Chearta Bunúsacha, Plean Gníomhaíochta, Cóid Iompair, deireadh a chur le hoibríochtaí/iad a chur ar fionraí agus an Fóram Comhairliúcháin, níor ghlac sé le moladh an Ombudsman (b) gur chóir don Oifigeach Cearta Bunúsacha cuimhneamh ar dhéileáil le sáruithe cearta bunúsacha i ngníomhaíochtaí Frontex uile a ndéanann daoine aonair ar chuir sáruithe isteach orthu gearán ina dtaobh agus ar mhaithe le leas an phobail chomh maith.

Dá bhrí sin, chinn an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh agus glacadh leis go bhfuil na gnéithe faoi (a) socraithe ag Frontex, agus tuairisc speisialta do Pharlaimint na hEorpa a dhéanamh maidir le gné (b).